



**Comhad Idirinstitiúideach:
2024/0250(NLE)**

**MAR 197
OMI 116
ENV 1106
CLIMA 405**

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Uimh. an doic. ón gCoim.:	14511/21
Ábhar:	Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh san Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta le linn an 109ú seisiún den Choiste Muir-Shábháilteachta a mhéid a bhaineann le leasuithe a ghlacadh ar an gCód Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Long a úsáideann Gáis nó Breoslaí Íseal-splancphointe eile (Cód IGF)

RÉAMHRÁ

1. An 14 Deireadh Fómhair 2024, tharchuir an Coimisiún an togra thuasluaite chuig an gComhairle.
2. Baineann an togra le seasamh an Aontais a bhunú le linn an 109ú seisiún de Choiste Muir-Shábháilteachta ('MSC 109') na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta (IMO) a mhéid a bhaineann le leasuithe a ghlacadh ar an gCód Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Long a úsáideann Gáis nó Breoslaí Íseal-splancphointe eile ('Cód IGF').
3. Maidir leis na leasuithe ar Chód IGF, a bhfuiltear ag súil go nglacfar iad le linn MSC 109, beidh siad in ann tionchar cinntitheach a imirt ar a bhfuil i reachtaíocht an Aontais, eadhon i dTreoir 2009/45/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹.

¹ Treoir 2009/45/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009 maidir le rialacha agus caighdeáin sábháilteachta le haghaidh longa paisinéirí (IO L 163, 25.6.2009, lch. 1).

4. Tá na leasuithe i gcomhréir le cuspóirí an Aontais an tsábháilteacht mhuirí a fheabhsú, agus an comhshaol muirí agus sláinte an duine a chosaint.

AN OBAIR I gCOMHLACHTAÍ ULLMHÚCHÁIN NA COMHAIRLE

5. Scrúdaigh an Mheitheal um Loingseoireacht an togra an 23 Deireadh Fómhair agus an 4 Samhain 2024. Ghlac na toscaireachtaí leis an togra comhréitigh ón Uachtaránacht a cuireadh i láthair ag an gcrúinniú deireanach sin.
6. Le linn an phlé a rinneadh sa mheitheal, chuir a lán toscaireachtaí in iúl nach n-aontaíonn siad le maíomh an Choimisiúin maidir le hinniúlacht eisiach an Aontais do Chód IGF.
7. Dá bhrí sin, chomhaontaigh an Mheitheal um Loingseoireacht an togra a oiriúnú, a mhéid is ábhartha, do chinntí comhchosúla ón gComhairle a bhí ann roimhe seo, lena n-áirítear coimircí maidir le roinnt na n-inniúlachtaí idir an tAontas agus na Ballstáit agus maidir le feidhmiú na hinniúlachta tríd an gCinneadh seo ón gComhairle a ghlacadh.
8. Chuir an Coimisiún in iúl go raibh imní air faoi chuid de na leasuithe a rinneadh ar an togra bunaidh agus d'fhógair sé go raibh sé ar intinn aige ráiteas a chur le miontuairiscí Choiste na mBuanionadaithe.
9. Ag eascairt as an gcomhaontú ar thánghas air ar leibhéal na meithle, rinne seirbhís dlítheangeolaíocha na Comhairle athbhreithniú ar théacs an dréachtchinnidh ón gComhairle.

CONCLÚID

10. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an dréachtchinneadh, mar a leagtar amach in 15326/24 é, a d'ullmhaigh na saineolaithe dlí agus teanga, a scrúdú agus a fhormhuiniú agus é a tharchur chuig an gComhairle d'fhonn é a ghlacadh ag seisiún a bheidh ann amach anseo.
11. Cuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas faoin nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE.